# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/5 ÓN gCOIMISIÚN

## an 3 Eanáir 2023

## lena n-údaraítear púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, suíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha údaraithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) An 24 Iúil 2019 chuir an chuideachta Cricket One Co. Ltd ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. Iarradh san iarratas púdar atá díshaillte go páirteach a fhaightear ó *Acheta domesticus* iomlán (criogar) a úsáid in arán agus rollaí ilghráin, i gcraicir agus cipíní aráin, i mbarraí gránach, i réamh-mheascáin thirime le haghaidh táirgí bácáilte, i mbrioscaí, i dtáirgí pasta-bhunaithe stuáilte agus neamh-stuáilte tirime, in anlainn, i dtáirgí prátaí próiseáilte, i miasa léagúm-bhunaithe agus glasraí-bhunaithe, i bpíotsa, i dtáirgí pasta-bhunaithe, i bpúdar meidhg, in analóga feola, in anraithí agus tiúcháin nó púdair anraith, i sneaiceanna gránphlúr-bhunaithe, i ndeochanna de chineál beorach, i milseogra seacláide, i gcnónna agus síolta ola, i sneaiceanna seachas brioscáin, agus in ullmhóidí feola, a cheaptar don phobal ginearálta.

(4) An 24 Iúil 2019 chuir an t-iarratasóir iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun go gcosnófaí na staidéir agus na sonraí eolaíocha dílseánaigh agus na sonraí a cuireadh isteach chun tacú leis an iarratas, is é sin tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe ([3]); torthaí ó anailísí neas-chomhábhair ([4]); sonraí anailíseacha maidir le héilleáin ([5]); torthaí ó na staidéir chobhsaíochta ([6]); sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhith-eolaíocha ([7]); agus torthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní ([8]).

(5) An 8 Iúil 2020, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú a dhéanamh ar phúdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach mar bhia núíosach.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).
([3]) Cricket One CO. 2019, 2020 agus 2021 (nár foilsíodh).
([4]) Cricket One CO. 2019, 2020 agus 2021 (nár foilsíodh).
([5]) Cricket One CO. 2018, 2019, 2020 agus 2021 (nár foilsíodh).
([6]) Cricket One CO. 2020 (nár foilsíodh).
([7]) Cricket One CO. 2018, 2019, 2020 agus 2021 (nár foilsíodh).
([8]) Cricket One CO. 2019, 2020 agus 2021 (nár foilsíodh).

(6) An 23 Márta 2022 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch dar teideal *Safety of partially defatted whole Acheta domesticus (house cricket) powder as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* ([9]) [Sábháilteacht púdair Acheta domesticus (criogar) mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283] i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(7) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach sábháilte faoi na coinníollacha úsáide agus na leibhéal úsáide atá beartaithe. Dá bhrí sin, is leor na forais sa tuairim eolaíoch sin chun a shuí, i gcás ina n-úsáidtear é in arán agus rollaí ilghráin, i gcraicir agus cipíní aráin, i mbarraí gránach, i réamh-mheascáin thirime le haghaidh táirgí bácáilte, i mbrioscaí, i dtáirgí pasta-bhunaithe stuáilte agus neamh-stuáilte tirime, in anlainn, i dtáirgí prátaí próiseáilte, i miasa léagúm-bhunaithe agus glasraí-bhunaithe, i bpíotsa, i dtáirgí pasta-bhunaithe, i bpúdar meidhg, in analóga feola, in anraithí agus tiúcháin nó púdair anraith, i sneaiceanna gránphlúr-bhunaithe, i ndeochanna de chineál beorach, i milseogra seacláide, i gcnónna agus síolta ola, i sneaiceanna seachas brioscáin, agus in ullmhóidí feola, a cheaptar don phobal ginearálta, go gcomhlíonann púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach na coinníollacha maidir lena chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(8) Ar bhonn na fianaise teoranta foilsithe maidir le hailléirgí bia a bhaineann le feithidí go ginearálta, fianaise a léirigh nasc éideimhin idir tomhailt *Acheta domesticus* agus roinnt teagmhais anaifiolacsais, sin agus ar bhonn fianaise a léiríonn go bhfuil roinnt próitéiní in *Acheta domesticus* a d'fhéadfadh a bheith ailléirgineach, chinn an tÚdarás ina thuairim uaidh go bhféadfadh tomhailt an bhia núíosaigh sin íogrú i leith próitéiní *Acheta domesticus* a spreagadh. Mhol an tÚdarás go ndéanfaí tuilleadh taighde maidir le hailléirgineacht *Acheta domesticus*.

(9) Chun aghaidh a thabhairt ar mholadh an Údaráis, tá an Coimisiún ag déanamh scrúdú faoi láthair ar bhealaí chun an taighde riachtanach a dhéanamh maidir le hailléirgineacht *Acheta domesticus*. Go dtí go ndéanfaidh an tÚdarás measúnú ar na sonraí arna nginiúint leis an taighde sin, agus ós rud é, go dtí seo, gur neamhchonclúideach í an fhianaise a nascann tomhailt *Acheta domesticus* go díreach le cásanna d'íogrú príomha agus d'ailléirgí, measann an Coimisiún nár cheart ceanglas lipéadaithe sonrach maidir leis an acmhainn atá in *Acheta domesticus* an t-íogrú príomha a spreagadh, nár cheart ceanglas den sórt sin a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(10) Sa tuairim uaidh, mheas an tÚdarás freisin go bhféadfadh tomhailt púdair *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a bheith ina cúis le frithghníomhartha ailléirgeacha i ndaoine atá ailléirgeach i leith crústach, moileasc agus fíneog. Thairis sin, thug an tÚdarás dá aire go bhféadfadh ailléirginí breise a bheith ann sa bhia núíosach sa chás go mbeadh na hailléirginí céanna sa tsubstráit lena mbeathaítear na feithidí. Dá bhrí sin, is iomchuí bianna ina bhfuil púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a lipéadú go hiomchuí i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(11) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire freisin go raibh a chonclúid maidir le sábháilteacht an phúdair *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach bunaithe ar na staidéir agus na sonraí ar an tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe; ar thorthaí ó anailísí neas-chomhábhair; ar na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin; ar thorthaí ó na staidéir chobhsaíochta; ar na sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhith-eolaíocha; agus ar thorthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní, nithe nach bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh ar an mbia núíosach ná teacht ar a chonclúid dá n-uireasa.

(12) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na staidéir agus na sonraí eolaíocha sin, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar cheart eisiach a bheith aige orthu i gcomhréir le hAirteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(13) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh cearta tagartha dílseánaigh agus eisiacha acu ar na staidéir agus na sonraí eolaíocha ar an tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe; ar thorthaí ó anailísí neas-chomhábhair; ar na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin; ar thorthaí ó na staidéir chobhsaíochta; ar na sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhitheolaíocha; agus ar thorthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní, faoin dlí náisiúnta tráth a chuir siad an t-iarratas isteach, agus dhearbhaigh sé freisin nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na sonraí agus na staidéir sin ná iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh.

([9]) EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(5):7258.

(14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh cruthúnas leordhóthanach tugtha aige gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na staidéir agus na sonraí eolaíocha maidir leis an tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe; na torthaí ó anailísí neas-chomhábhair; na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin; na torthaí ó na staidéir chobhsaíochta; na sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhitheolaíocha; torthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní, ba cheart iad a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(15) Mar sin féin, maidir le húdarú púdair *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach agus an tagairt do na staidéir agus na sonraí eolaíocha atá i gcomhad an iarratasóra a shrianadh d'úsáid an iarratasóra amháin, ní chuirfidh an srianadh sin cosc ar iarratasóirí eile ina dhiaidh sin cur isteach ar údarú chun an bia núíosach céanna a chur ar an margadh ar choinníoll gur ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin atá a n-iarratas bunaithe.

(16) Ba cheart púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin.

(17) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Údaraítear púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Áireofar púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(2) Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Ní údaraítear ach an chuideachta Cricket One Co. Ltd ([10]) chun an bia núíosach dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an 24 Eanáir 2023, ach amháin má fhaigheann iarratasóir údarú ina dhiaidh sin don bhia núíosach sin gan tagairt do na sonraí eolaíocha atá á gcosaint de bhun Airteagal 3 nó le comhaontú ó Cricket One Co Ltd.

*Airteagal 3*

Na sonraí eolaíocha atá sa chomhad iarratais agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, ní úsáidfear iad chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú ó Cricket One Co. Ltd.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([10]) Cricket One Co. Ltd 383/3/51 Quang Trung Street, Ward 10, Go Vap district, Ho Chi Minh City, Vítneam.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise | Ceanglais eile | Cosaint sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **Púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach** | Catagóir bhia shonraithe | Uasleibhéil (g/100g) (margaithe sa riocht sin nó ath-bhunaithe de réir mar a threoraíonn an monaróir) | 1. Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é ‘Púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá dí-shaillte go páirteach’ an t-ainmniú a bheidh air.<br>2. Ar lipéadú na mbia-earraí ina bhfuil púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach, beidh ráiteas á rá go bhféadfadh an comhábhar sin a bheith ina chúis le frith-ghníomhuithe ailléirgeacha i gcás tomhalt-óirí a bhfuil ailléirgí aitheanta orthu le crúst-aigh, le moilisc agus le táirgí díobh, agus le fíneoga.<br>Beidh an ráiteas sin an-ghar do liosta na gcomhábhar. | | Údaraithe an 24.1.2023. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe.<br>Iarratasóir: ‘Cricket One Co. Ltd’, 383/3/51 Quang Trung street, Ward 10, Go Vap district, Ho Chi Minh City, Vítneam.<br>Is é ‘Cricket One Co. Ltd’ an t-aon chuideachta amháin atá údaraithe chun an bia núíosach púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir eile údarú ina dhiaidh sin i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh ná do na sonraí eolaíocha a chosnaítear i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó ‘Cricket One Co. Ltd’.<br>Dáta deiridh na cosanta sonraí: 24.1.2028” |
| | Arán agus rollaí ilghráin; craicir agus cipíní aráin | 2 | | | |
| | Barraí gránaigh | 3 | | | |
| | Réamh-mheascáin le haghaidh táirgí bácáilte (tirim) | 3 | | | |
| | Brioscaí | 1,5 | | | |
| | Táirgí pasta-bhunaithe (iad triomaithe) | 0,25 | | | |
| | Táirgí pasta-bhunaithe stuáilte (iad triomaithe) | 3 | | | |
| | Anlainn | 1 | | | |
| | Táirgí prátaí próiseáilte, miasa léagúm-bhunaithe agus glasraí-bhunaithe, píotsa agus táirgí pasta-bhunaithe | 1 | | | |
| | Púdar meidhg | 3 | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Analóga feola | 5 | | | |
| | Anraithí agus tiúchan nó púdair anraith | 1 | | | |
| | Sneaiceanna gránphlúr-bhunaithe | 4 | | | |
| | Deochanna de chineál beorach | 0.1 | | | |
| | Milseogra seacláide | 2 | | | |
| | Cnónna agus síolta ola | 2 | | | |
| | Sneaiceanna seachas brioscáin | 5 | | | |
| | Ullmhóidí feola | 2 | | | |
| | | | | | |

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| “Bia núíosach údaraithe | Sonraíocht |
|---|---|
| **Púdar *Acheta domesticus* (criogar) atá díshaillte go páirteach** | **Tuairisc/Sainmhíniú:**<br><br>Is éard atá sa bhia núíosach púdar atá díshaillte go páirteach agus a fhaightear ó *Acheta domesticus* iomlán (criogar) tar éis sraith céimeanna a dhéanamh lena mbaineann tréimhse troscaidh 24 uair an chloig do na feithidí chun gur féidir leo an méid atá ina bputóg a fholmhú agus íobairt na bhfeithidí trí reo, níochán, próiseáil theirmeach, triomú, eastóscadh ola (easbhrú meicniúil), agus trí mheilt. |
| | **Saintréithe/Comhdhéanamh**:<br><br>Garbhphróitéin (N x 6,25) (% w/w): 74,0 - 78,0<br>Saill (% w/w): 9,0 – 12,0<br>Taise (% w/w): 3,0 – 6,0<br>Garbhshnáithín (% w/w): 8,0 – 10,0<br>Citin (*)(% w/w): 4,0-8,5<br>Luaith (% w/w): ≤ 5,6<br>Luach sárocsaíde (Meq $O_2$/kg saill): ≤ 5,0<br>Mangainéis: ≤ 100.0 mg/kg<br>Ciainíd: ≤ 5.0 mg/kg |

| | |
|---|---|
| | **Miotail throma**:<br>Luaidhe: ≤ 0.1 mg/kg<br>Caidmiam: ≤ 0,025 mg/kg<br>**Míceatocsainí**:<br>Aflatocsainí (Suim de B1, B2, G1, G2): ≤ 0.4 µg/kg<br>Dé-ocsainiviléanól: ≤ 200.0 µg/kg<br>Ócratocsain A: ≤ 1.0 µg/kg<br>**Dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine:**<br>Suim dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine UB ( (**)WHO$_{2005}$ PCDD/F-PCB-TEF): ≤ 1,25 pg/g saill<br>**Critéir mhicribhitheolaíocha:**<br>Áireamh coilíneachtaí aeróbacha: ≤ 10$^{5}$ CFU/g<br>Giostaí agus múscáin: ≤ 100 CFU/g<br>*Escherichia coli*: ≤ 50 CFU/g<br>*Salmonella* spp.: Nár aimsíodh in 25 g<br>*Listeria monocytogenes*: Nár aimsíodh in 25 g<br>*Bacillus cereus* (toimhde): ≤ 100 CFU/g<br>Enterobacteriaceae (toimhde): < 100 CFU/g<br>Stafalacocais téachtáis-deimhneacha: ≤ 100 CFU/g |

(*) Ríomhtar citin tríd an difríocht idir an codán Snáithín Glantaigh Aigéadaigh agus an codán Lignin Glantaigh Aigéadaí (ADF-ADL) a oibriú amach, de réir mar a thuairiscíonn Hahn et al. (2018).

(**) Suim cuimse uachtair de dhébheinsi-dé-ocsain pholaclóirínithe (PCDDanna)-débheinseafúrán polaclóirínithe (PCDFanna) agus défheinilí polaclóirínithe de chineál dé-ocsaine (PCBanna) arna sloinneadh mar Fhachtóirí Tocsaineachta Coibhéisí de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (agus úsáid á baint as WHO-TEFanna ó 2005)).

CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta."